



An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath



Ollscoil Dhomhanda na hÉireann

Straitéis
2015-2020



Nasionalis

umaha
Mision




Universitas Kebharnica Nasional

Sebelum ini telah diadakan Penyerahan
di Medan, di Chicago, di Kota Philadelphia
di Universitas Kebharnica Nasional



Clár

Fáilte ón Uachtarán	5
Ár Misean	7
Ár Luachanna	7
Ár bhFís don Bhliain 2020	9
An fhís seo a bhaint amach	10
Ag dul sa tóir ar phríomhchuspóirí	11
Cuspóirí	12
Cuspóir 1	
Cáilíocht, cainníocht agus tionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta a mhéadú	13
Cuspóir 2	
Eispéireas oideachais trína léirítear an dea-chleachtas idirnáisiúnta a sholáthar	14
Cuspóir 3	
Ár gcuid disciplíní a chomhdhlúthú agus a neartú	15
Cuspóir 4	
Taighde agus oiliúint, de chineál leitheadach idirdhisciplíneach, a dhéanamh maidir le réimsí tábhachtacha riachtanais náisiúnta agus riachtanais dhomhanda	16
Cuspóir 5	
Líon mac léinn, foirne acadúla agus foirne ginearálta, ina gcuimsítear daoine ilchineálacha den scoth, a mhealladh agus a choinneáil	17
Cuspóir 6	
Cur le méid ar gcomhpháirteachais ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta	18
Cuspóir 7	
Pobal ár nOllscoile a fhorbairt agus a neartú	19
Objective 8	
Saoráidí den chineál is fearr ar domhan a fhorbairt tuilleadh chun tacú lenár bhfís	20
Cuspóir 9	
Struchtúir rialachais, struchtúir bhainistíochta agus struchtúir bhuiséadacha a ghlacadh mar thacaíocht i leith an fhís a bhaint amach	21
Cuspóir 10	
Srianta airgeadais, srianta ó thaobh bainistíochta acmhainní daonna de agus srianta eile de chineál seachtrach a shárú	22
Mórtionscnaimh Straitéiseacha	24





A chomhghleacaithe agus a chairde,

Bunaíodh UCD céad is seasca bliain ó shin mar ollscoil neamhspleách agus ceapadh an móroideachasóir de chuid an naoú haois déag, John Henry Newman, mar an chéad reachtaire chun an ollscoil a bhunú agus í a ullmhú don todhchaí. Ba thús uiríseal é sin ach shamhlaigh Newman go bhfásadh an ollscoil mar *"a flourishing University, which for a while had to struggle with fortune, but which, when its first founders and servants were dead and gone, had successes far exceeding their anxieties"*.

Is cinnte gur éirigh go maith le UCD i rith an 160 bliain sin, agus rannchuidiú substaintiúil déanta aige le cruthú Éire an lae inniu, agus i measc a chuid céimithe áirítear triúr Uachtarán, ceathrar Taoiseach, cúigear aire de chuid na comh-aireachta atá ann faoi láthair agus seisear a ghníomhaigh mar Choimisinéirí Eorpacha. Tá rannchuidiú UCD i réimsí an ghnó, na heolaíochta, na n-ealaíon, an chultúir agus an spóirt i rith na tréimhse sin chomh suntasach céanna, agus is é an mór-údar, James Joyce, fós an *alumnus* is mó clú dár gcuid. I gcomhthráth leis sin, tá fás tagtha ar UCD agus tá sé tar éis teacht chun bheith ar an ollscoil is mó, agus is gníomhaí ar bhonn domhanda, de chuid na hÉireann. Faigheann sé níos mó chéad roghanna ó mhic léinn in Éirinn ná ollscoil ar bith eile sa tír, is iomaí mac léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn le freastal air agus cuireann sé oideachas ar thart ar 5,000 mac léinn in áiteanna lasmuigh d'Éirinn.

Cé go bhfuil nithe suntasacha bainte amach againn, ní féidir linn ár maidí a ligean le sruth. I rith an 160 bliain seo caite, tá athrú tagtha ar an domhan (agus leanann sé de bheith ag athrú) de réir ráta ollmhóir. Ó bhí blianta na 1980-idí ann, tá an tIdirlíon tar éis claochlú a dhéanamh ar an gcumarsáid dhomhanda agus ar an tslí ina seoltar gnó. Léirigh Géarchéim Dhomhanda Eacnamaíochta 2008 méid an cheangail atá ann idir tíortha agus idir geilleagair ar fud an domhain. Tá gné ilchultúir agus soghluaisteachta idirnáisiúnta na gcuideachtaí agus na n-eagraíochtaí ilnáisiúnta ag éirí níos mó ná riamh i dtaca le suíomh cheannoifigi a gcuid oibríochtaí.

I rith na tréimhse céanna ama, tá athrú tagtha ar thimpeallacht na hollscoile domhanda. Tá níos mó soghluaisteachta idirnáisiúnta ná riamh ag mic léinn agus téann cuid mhór díobh i mbun a n-oideachais ollscoile ar fad, nó i mbun cuid de, i dtír eile. Mar thoradh ar thuiscint ar na tairbhí a ghabhann le mic léinn ollscoile a oiliúint i dtimpeallacht diantagha agus, chomh maith leis sin, ar na tairbhí sochaíocha a leanann as an eolas agus as an

nuálaíocht a ghintear in ollscoileanna, tá méadú tagtha ar an mbéim ar an ngá go mbeadh acadóirí ag gabháil do mhúinteoireacht agus do thaighde araon ag an leibhéal is airde is féidir.

Tá iomaíochas na hÉireann ag brath ar iomaíochas a cuid ollscoileanna ós rud é gurb iad na hollscoileanna a sholáthraíonn oideachas do na ceannairí todhchaí i ngach réimse den saol agus a ghineann an mhaoin intleachtúil agus an nuálaíocht trína dtugtar buntáiste don tír ó thaobh na hiomaíochta de. Le go mbeidh rath ar Éirinn, áfach, tá gá le níos mó ná rannchuidiú ábhartha amháin. Is sainréithe de shocháí faoi bhláth iad staidéar agus plé a bhaineann le daoine, leis an tsochaí, le cultúr, le teangacha agus leis na healaíona cruthaitheacha. Ina cháil mar an ollscoil is mó de chuid na hÉireann, agus mar thoradh ar neart mór agus éagsúlacht a chuid disciplíní, tá sé de dhualgas ar UCD rannchuidiú mór a dhéanamh i ngach ceann de na réimsí sin. Sa straitéis seo, leagtar amach ár n-uaimhian i leith rannchuidiú le rath na hÉireann agus an domhain.

Lean an straitéis seo as próiseas pleanála straitéisí a chuir pobal ár nOllscoile i gcrích i rith na n-ocht mí seo caite. Déantar ár misean, ár luachanna agus ár bhfís i dtuobh cén chaoi is ceart a bheith ar COBÁC faoin mbliain 2020 a lua go soiléir sa straitéis. Ina dhiaidh sin, leagtar amach deich bpríomhchuspóir. Cruthóidh na deich gcuspóir sin an modh ina ndéanfaimid pleanáil agus cinntí ag gach leibhéal san Ollscoil chun a chinntiú go mbainfimid ár bhfís amach. Mar chuid dár bpróiseas pleanála, bainfimid úsáid as cinnteoireacht fhrithluaileach trína dtugtar ról do phobal iomlán na hOllscoile ionas go n-oireann ár gcuid gníomhaíochtaí do na dálaí, do na riachtanais agus do na deiseanna ag gach uile leibhéal. Ina theannta sin, tugann an straitéis isteach sé mhórthionscnamh straitéiseacha spreagúla a rachfar ina mbun ar leibhéal na hOllscoile le linn na cuspóirí a shaothrú. Déanfaimid athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn maidir leis na cuspóirí atá leagtha amach agus uasdátófar na pleananna de réir mar is gá chun rath a chinntiú.



An tOllamh Andrew J Deeks
Uachtarán

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath



Ár Misean

Tá sé mar mhisean againn rannchuidiú le rath Bhaile Átha Cliath, rath na hÉireann, rath na hEorpa agus rath an domhain trí shármhaitheas agus trí thionchar ár dtaighde agus ár scoláireachta, trí chaighdeán ár gcéimithe agus trínár gcomhpháirteachas domhanda; agus pobal tacúil ina gcumasaítear do gach ball den Ollscoil barr a gcumais a bhaint amach á sholáthar againn.

Ár Luachanna

Is iad seo a leanas ár gcuid luachanna: sármhaitheas, ionracas, coláisteacht, comhpháirteachas agus éagsúlacht.





Ár bhFís don Bhliain 2020

Is mar a leanas atá ár bhfís don bhliain 2020:

Beidh UCD ina phobal scolártha ar pobal gradamach, ilchineálach, uilechuimsitheach é agus ina n-gcuimseofar mic léinn, foireann acadúil agus foireann ghinearálta agus, chomh maith le rannchuidiú le forbairt na hÉireann, beidh stádas domhanda aige, beidh tuiscint dhomhanda aige agus beidh tionchar domhanda aige. Leanfaidh UCD de bheith ina Ollscoil shármhaith diantaighde ina bhfuil sraith mórdhisciplíní a fheidhmíonn mar bhonn i gcomhair taighde idirdhisciplínigh, scoláireachta agus nuálaíochta de chineál ardchaighdeán. Mar thoradh ar an taighde ceannródaíochta sin, idir thaighde disciplíneach agus thaighde idirdhisciplíneach, beimid an-ghníomhach maidir le dul ngleic le saincheisteanna suntasacha domhanda agus le dúshlán shuntasacha dhomhanda.

Beidh eolas ag ár gcuid céimithe ar an am atá caite agus beidh siad in ann déileáil go criticiúil leis an am i láthair agus samhlú a dhéanamh i leith na todhchaí. Tríd an eispéireas iomlánaíoch a gheofar ón oideachas atá dírithe ar an mac léinn agus atá bunaithe ar thaighde, agus lena ngabhann fairsingeacht agus doimhneacht.

Beidh UCD an-ghníomhach ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus beidh eolas air ar fud an domhain mar Ollscoil Dhomhanda na hÉireann. Sa cháiil sin, beidh gné fhíordhomhanda ag baint lenár raon cuimsitheach disciplíní a mhéid a bhaineann le leithead agus tionchar ár dtaighde agus ár nuálaíochta, leis an eispéireas iomlánaíoch oideachais a chuirimid ar fáil, le héagsúlacht phobal ár nOllscoile, leis an idirghníomhaíocht a bhíonn ann le gach earnáil den tsochaí agus le gach réigiún den domhan, agus le caighdeán agus méid ár gcampaís agus ár saoráidí. Beimid saineúil ó thaobh na solúbthachta, na nuálaíochta, an tiomantais i leith an cheartais, na huilechuimsitheachta agus na cairdiúlachta de. Déanfaimid scoth an domhain a thabhairt go héirinn agus scoth na hÉireann, lena n-áirítear a cuid cultúr saineúil, a thabhairt don domhan.



Chun an méid sin a bhaint amach, saothróimid deich bpríomhchuspóir



1. Cáilíocht, cainníocht agus tionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta a mhéadú.



2. Eispéireas oideachais trína léirítear an dea-chleachtas idirnáisiúnta a sholáthar.



3. Ár gcuid disciplíní a chomhdhlúthú agus a neartú.



4. Taighde agus oiliúint, de chineál leitheadach idirdhisciplíneach, a dhéanamh maidir le réimsí tábhachtacha riachtanais náisiúnta agus riachtanais dhomhanda.



5. Líon mac léinn, foirne acadúla agus foirne ginearálta, ina gcuimsítear daoine ilchineálacha den scoth, a mhealladh agus a choinneáil.



6. Cur le méid ar gcomhpháirteachais ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta.



7. Pobal ár nOllscoile a fhorbairt agus a neartú.



8. Saoraidí den chineál is fearr ar domhan a fhorbairt tuilleadh chun tacú lenár bhfís.



9. Struchtúir rialachais, struchtúir bhainistíochta agus struchtúir bhuiséadacha a ghlacadh mar thacaíocht i leith an fháis a bhaint amach.



10. Srianata airgeadais, srianata ó thaobh bainistíochta acmhainní daonna de agus srianata eile de chineál seachtrach a sháru.

Le linn na príomhchuspóirí sin a shaothrú rachaimid i mbun **sé mhórhionscnamh straitéiseacha**



1. Dul i ngleic le dúshlán dhomhanda



4. Comhpháirteachas ar leibhéal domhanda



2. Sármhaitheas oideachasúil a léiriú



5. Comhpháirtíochtaí a bhunú



3. Íomhá nua a leagan amach dár gcampas



6. Solúbthacht agus éifeachtacht a mhéadú

Táimid ag súil gurb é a leanfaidh as rath i leith ár bhfís a bhaint amach ná go mbeimid i measc an **100 ollscoil is fearr ar domhan faoin mbliain 2020.**

Cuspóirí

Beidh ár ndeich bpríomhchuspóir mar bhonn le pleanáil ar gach leibhéal den Ollscoil agus ligfidh siad dúinn tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtaca lenár bhfís a bhaint amach. Déanfaidh gach Coláiste, gach Scoil, gach Lárionad, gach Institiúid agus gach Aonad Tacaíochta plean gníomhaíochta dá chuid/cuid féin a fhorbairt mar chuid dá ról i ndáil leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

Cuspóir 1

Cáilíocht, cainníocht agus tionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta a mhéadú

Tá an taighde agus an scoláireacht i gcroílár na hOllscoile agus léiríonn siad céannacht agus clú an Cholaíste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Mar thoradh ar an eolas a leanann astu cumasaítear dúinn dul i mbun ár gcuid gníomhaíochtaí ceannasacha, de chineál náisiúnta agus idirnáisiúnta, i réimse na nuálaíochta, saibhrítear an t-oideachas a fhaigheann ár gcuid mac léinn agus imrítear tionchar ar chúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir agus ar cheapadh beartas poiblí.

Tá ár bhfís do UCD sa bhliain 2020 bunaithe ar dhúshraith taighde shármhaith, thábhachtaigh trína soláthraítear freagraí ar dhúshláin ag a bhfuil suntas domhanda agus ar féidir le UCD agus le hÉirinn ról ceannasach a bheith acu ina leith. Aithnímid go bhfuil gá le cur chuige fadtéarma i ndáil le cuid mhór de na dúshláin seo agus beidh meas againn ar bhuntaighde fionnachtana agus ar thaighde atá dírithe ar fheidhmiúlacht, ar nithe iad sin a chuirfear chun cinn freisin.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach tionchar an taighde, na scoláireachta agus na nuálaíochta a léiriú agus a chur in iúl agus beimid ar thús cadhnaíochta i dtaca leis an tionchar sin a chur in iúl ar bhonn náisiúnta. Agus aitheantas á thabhairt don tionchar ar leith atá ollscoil diantaighde in ann a imirt trína raon gníomhaíochtaí nuálaíochta, déanfaimid ár raon

clár nuálaíochta ina gcuimsítear forbairt maidir le paitinní, mac-chuideachtaí, agus aistriú teicneolaíochta, ar raon leathan é cheana féin, a fhorbairt tuilleadh.

Thar ré na straitéise seo, glacfaimid gníomhaíochtaí chun méadú a dhéanamh ar cháilíocht, ar chainníocht agus ar thionchar ár dtaighde, ár scoláireachta agus ár nuálaíochta chuig leibhéil atá comhionann leis na leibhéil chomparáideacha atá ann sa 100 ollscoil is fearr ar domhan, nó chuig leibhéil níos airde ná sin. Le linn tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh againn maidir leis na cuspóirí sin, bainfimid úsáid as méadracht chainníochtúil, lena n-áirítear foilseacháin, luanna, ioncaim taighde, mic léinn PhD agus paitinní, agus aird chuig á tabhairt againn ar noirm dhisciplíneacha. Ina theannta sin, tabharfaimid aitheantas don obair ardchaighdeánach nach léirítear leis an gcineál sin méadrachta, trí tháscairí measa agus rannchuidiú claochlaitheach a rianú. Déanfaimid bearta chun tionchar ár taighde, ár nuálaíochta agus ár scoláireachta, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn domhanda araon, a shainiú, a léiriú agus a chur in iúl.



Cuspóir 2

Eispéireas oideachais trína léirítear an dea-chleachtas idirnáisiúnta a sholáthar

Is iad ár gcuid mac léinn croí ár nOllscoile. Tá ár gclú ag brath ar chumas ár gcuid céimithe. Féachaimid le hoideachas iomlánaíoch a thabhairt dár mic léinn, agus fonn foghlama agus cruthaithe á spreagadh iontu, ar fonn é chun ceisteanna a chur agus réasúnú a dhéanamh, chun nuáil a dhéanamh agus chun rannchuidiú leis an tsochaí ar gach uile leibhéal.

Is 'Ollscoil Chéadrogha' í UCD i gcás mhic léinn na hÉireann agus is í 'an Ollscoil Cheann Scríbe' í i gcás an líon is mó mac léinn idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn. Mar thoradh ar ár gcuraclaim oscailte mhodúlacha, ar an leibhéal fochéimí agus ar an leibhéal iarchéimí araon, trína bhféachtar leis an ngá le doimhneacht agus fócas a chóimheá leis an tairbhe a ghabhann le deiseanna maidir le cothabháil agus forbairt réimsí spéise níos leithne a chinntiú, tá ionad ceannais againn maidir leis an gclár oibre náisiúnta. Ina theannta sin, soláthraíonn ár gcur chuige i ndáil le hoideachas deiseanna foghlama do phobal daoine níos leithne ar mian leo taithí a fháil ar an dúshlán a ghabhann le hoideachas ollscoile.

Cuirfimid leis an mbuntáiste náisiúnta atá againn sa réimse seo, agus tuilleadh forbartha á dhéanamh againn ar ár gcuid clár fochéime agus iarchéime agus gníomhaíochtaí comhchuraclaim chun an dea-chleachtas idirnáisiúnta a léiriú agus chun teacht chun stádas eiseamláireach domhanda i gcomhair oideachais ollscoile a bhaint amach. Mar thoradh ar ár gcur chuige i ndáil le hoideachas freisin, déanfar doimhneacht agus fairsingeacht na foghlama a chumasc le

deiseanna chun forbairt a dhéanamh ar na scileanna, ar an eolas, ar an taithí agus ar an meon atá ag teastáil le go mbeidh rath ar ár mic léinn i sochaí a bhfuil an ghné dhomhanda di ag dul i méid i gcónaí.

Tríd an timpeallacht diantaghde atá ann, déanfar oideachas UCD a shaihbhiú tuilleadh mar thoradh ar ár dtaighde agus ár nuálaíocht agus forbrófar cumas ár mac léinn i leith fiosrúcháin criticiúil agus smaointeoireacht bhunaidh a dhéanamh. Cuirfear an cur chuige sin i bhfeidhm i measc na mac léinn go léir, cibé acu ar chúrsaí ócáideacha, solúbtha, fochéime nó iarchéime agus cibé acu ar chlár a mhúintear nó sa réimse taighde. Trí aitheantas a thabhairt do luach na héagsúlachta i bpobal na hOllscoile, cuirfimid leis an éagsúlacht sin ar mhodh córasach ar mhaithe le foghlaim ar thaobh na mac léinn agus ar mhaithe le sármhaitheas institiúideach. Síneoidh ár gcur chuige uilechuimsitheach maidir le hoideachas chuig an Ollscoil ina hiomláine agus chuig saol an phobail.

Is de réir na nithe seo a leanas a dhéanfar an rath a thomhas: suirbhéanna faoi eispéireas na mac léinn; an t-éileamh ar ár gcuid clár agus caighdeán agus éagsúlacht na mac léinn a chláraítear; feidhmíocht na mac léinn agus an dul chun cinn a dhéanann siad fad atá siad cláraithe san Ollscoil; agus infhostaitheacht na gcéimithe agus an líon mac léinn a roghnaíonn breisoideachas a fháil. Baileofar na tomhais sin trí shonraí fóna institiúideacha, trí athbhreithnithe ag geallsealbhoirí agus trí theagmháil lenár gcuid mac léinn agus *alumni*.



Cuspóir 3

Ár gcuid disciplíní a chomhdhlúthú agus a neartú

Ón tráth a bunaíodh an Ollscoil, tá neart bainte amach ag UCD i dtaca le raon disciplíní. Thar na blianta, tá méadú tagtha ar líon na ndisciplíní sin sa chaoi go bhfuil bonn disciplíní againn anois nach bhfuil a shárú le fáil in Éirinn agus ar bonn disciplíní é atá inchurtha le raon disciplíní na n-ollscoileanna is fearr dá bhfuil ann ar an domhan.

Ní amháin go bhfuil baint bhunúsach ag fairsinge agus neart ár ndisciplíní lenár gclú mar ollscoil diantaighde agus lenár gcumas chun doimhneacht a sholáthar ó thaobh an eispéiris oideachais de, ach tá an fairsinge agus an neart sin mar a bheadh buntaca lenár rath i ndáil le taighde idirdisciplíneach, oideachas agus nuálaíocht.

Comhdhlúthóimid ár ndisciplíní trí phlé inmheánach agus trí chomparáid sheachtrach, agus athbhreithneoidimid ár struchtúir acadúla lena chinntiú go bhfuil siad i gcomhréir lenár ndisciplíní. Agus oibreoimid ansin chun na disciplíní sin a neartú.

Déanfar rath a thomhas de réir leibhéal na feidhmíochta taighde, cháilíocht an oideachais agus eispéireas na mac léinn i ngach réimse ar leith, chomh maith le tomhais fheabhsaithe i ndáil le clú. Táimid ag súil go mbeidh ár ndisciplíní laistigh den 100 is fearr ar domhan faoin mbliain 2020.

Cuspóir 4

Taighde agus oiliúint, de chineál leitheadach idirdhisciplíneach, a dhéanamh maidir le réimsí tábhachtacha riachtanais náisiúnta agus riachtanais dhomhanda

Tá leithead ár saineolais ar cheann de shaintréithe UCD. Beidh an cumas chun leas a bhaint as an saineolas sin sna disciplíní ar fad mar bhuntaca lenár gcumas chun freastal ar riachtanais náisiúnta agus ar riachtanais dhomhanda trínár gcuid gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta agus tríd an oideachas a sholáthraímid dár mic léinn.

Tá UCD chun tosaigh in Éirinn i dtaca le taighde idirdhisciplíneach a dhéanamh i réimsí lena ngabhann tábhacht domhanda. Tá téamaí tosaíochta taighde sainaitheanta againn agus tá institiúidí agus lárionaid taighde idirdhisciplínigh tógtha againn. Tá ár gcuid téamaí i gcomhréir le láidreachtaí náisiúnta agus le deiseanna agus dúshlán de chineál domhanda. Ó thaobh an oideachais de, tá an struchtúr *Horizons* atá againn tar éis a chur ar chumas na mac léinn rochtain a fháil ar mheascán leathan modúl ar fud na hOllscoile agus tá deiseanna curtha ar fáil aige le haghaidh staidéir a théann lasmuigh de na teorainneacha traidisiúnta disciplíneacha. Mar thoradh ar PhD-anna struchtúrtha a thabhairt isteach, tá deiseanna comhfhreagracha ann ar an leibhéal iarchéime agus tá cláir éagsúla idirdhisciplíneacha Mháistreachta againn ar cláir iad a mhúintear.

Cuirfimid lenár rath agus déanfaimid athbhreithniú go tráthrialta ar ár gcuid téamaí taighde agus curaclam oideachasúil chun staid agus próifíl chuif a chinntiú agus chun comhpháirteachas seachtrach a éascú. Cinnteoimid go mbeidh dóthain solúbthachta agus oiriúnaitheachta ann inár gcuid struchtúr, beartas agus próiseas le go dtacóidh siad le taighde agus oideachas idirdhisciplíneach nua sa réimse domhanda atá ag athrú go tapa agus le go saothrófar sineirgí lenár ngníomhaíochtaí disciplíneacha agus idirdhisciplíneacha, agus eatarthu. Trí chlár théamacha PhD agus múinteoireacht struchtúrtha thrasdisciplíneach théamach a fhorbairt tuilleadh i gcomhréir lenár gcuid téamaí taighde, bainfear an leas is mó is féidir as na tairbhí a ghabhann le hidirdhisciplíneacht ar mhaithe lenár gclár oideachasúil agus ar mhaithe lenár mic léinn.

Déanfar rath a thomhas de réir leibhéal an oideachais taighde agus de réir méadracht chomhpháirteachais i leith gach téama taighde ar leith, go háirithe an mhéadracht sin a bhaineann le tionchar agus eispéireas na mac léinn.

Cuspóir 5

Líon mac léinn, foirne acadúla agus foirne ginearálta, ina gcuimsítear daoine ilchineálacha den scoth, a mhealladh agus a choinneáil

Tá meas ag UCD ar an tsármhaitheas agus tuigeanann sé go bhfuil feidhmíocht shármhaith ag brath ar dhaoine sármhaithe agus iad ag obair i dtimpeallacht thacúil. Cothaíonn gach cineál éagsúlachta malairt agus forbairt smaointe, eispéireas agus tuiscint ar dhifríochtaí idir cultúir ar gach leibhéal agus dúshlán don *status quo*. Tá meas ag pobal UCD ar na coincheapa sin agus creideann sé go gcothaíonn éagsúlacht sármhaitheas. Le linn ré na straitéise seo, leanfaidh UCD de mhic léinn, foireann acadúil agus foireann ghinearálta de chineál sármhaith ilchineálach a mhealladh ó áiteanna ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain, agus cuirfidh sé bearta cuí tacaíochta i bhfeidhm chun na daoine atá ann inár bpobal a fhorbairt agus a choinneáil.

Is ag UCD atá an líon is mó agus an céatadán is mó mac léinn idirnáisiúnta, a mhéid a bhaineann le hollscoileanna na hÉireann, agus tá sé inchurtha go maith leis na príomh-ollscoileanna idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le foireann acadúil idirnáisiúnta. Measaimid go bhfuil fás leanúnach ar líon agus ar cháilíocht ár gcuid mac léinn idirnáisiúnta agus ár bhfoirne acadúla idirnáisiúnta ina ghné thar a bheith tábhachtach i dtaca le forbairt phobal UCD agus i dtaca le sármhaitheas a chothú inár gclár oideachais agus taighde.

Chun tacú leis an aidhm sin, oibreoidimid chun próifíl UCD a ardú ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta. Athbhreithneoidimid ár gclár earcaíochta mac léinn chun a chinntiú go leagtar béim ar shármhaitheas agus ar leathnú rannpháirtíochta agus leagfaimid spriocanna bliantúla amach chun éagsúlacht a chinntiú i dtaca le hearcaíocht mac léinn. Athbhreithneoidimid ár nósanna imeachta maidir le hearcaíocht foirne chun a chinntiú gurb é sármhaitheas atá tagarmharcáilte go hidirnáisiúnta an tsíle tomhais atá againn i gcomhair ár gcuid gníomhaíochtaí earcaíochta go léir.

Tá UCD ar thús cadhnaíochta i ndáil le tacú le mic léinn ó phobail faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíochta agus le mic léinn faoi mhíchumas. Ina theannta sin, tá spreagadh á thabhairt ag UCD le fada an lá i leith mac léinn aibí agus tá meas ar leith

againn ar an rannchuidiú a dhéanann siad le dinimic ár gcuid ranganna. Leanfaimid de leathnú a dhéanamh ar an gcuid luachmhar sin dár bpobal.

Chun a chinntiú go gcoinneoidimid ár gcuid mac léinn sármhaith, ilchineálach go dtí go bhfaigheann siad a gcéimeanna, agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhoirí éagsúla, cinnteoidimid go mbeidh sraith beart tacaíochta againn do na mic léinn agus go bhfuil seirbhísí mac léinn den scoth againn.

Chun a chinntiú go gcoinneoidimid na daoine sármhaithe ilchineálacha dár bhfoireann acadúil agus dár bhfoireann ghinearálta, déanfaimid clár cuimsitheach forbartha feidhmíochta a chur i bhfeidhm tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ár nós imeachta maidir le hardú céime, ar ár gcuid próiseas oiliúna agus ar na forálacha atá againn i ndáil le saoire. Oibreoidimid chun a chinntiú go gcumasaítear do gach duine den fhoireann acadúil agus den fhoireann ghinearálta barr a gcumais a bhaint amach agus go bhfaigheann siad luaíocht chuí i ndáil lena rannchuidiú lenár misean, lenár bhfís agus lenár bpobal agus, i gcomhar lena chéile, déanfaimid cothromaíocht inscne agus comhionannas deise a chur chun cinn i measc mhic léinn agus fhostaithe na hOllscoile. Ina theannta sin, bainfimid leas as clár éagsúlachta náisiúnta agus idirnáisiúnta den chineál is nua-aoisí chun a chinntiú go bhfaighimid na tairbhí na héagsúlachta ar fud na hOllscoile agus ar gach leibhéal den cheannaireacht.

Déanfar rath a thomhas de réir cháilíocht agus éagsúlacht na mac léinn a chláraítear agus déanfar an tomhas sin trí aird a thabhairt ar ghnóthachtáil oideachais na mac léinn sula gcláraítear san Ollscoil iad, ar an rath atá orthu maidir le dul chun cinn san ollscoil agus ar thomhais eile a bhaineann le cáilíocht na mac léinn agus le rath, mar aon le tomhais a bhaineann le hinscne, cine, náisiúntacht agus míbhuntáiste socheacnamaíochta. Cuirfear tomhais chomhfhreagracha ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar ilchineálacht i dtaca le hearcaíocht foirne acadúla agus foirne ginearálta agus ar fhorbairt gairmréime agus ar choinneáil daoine den fhoireann acadúil agus den fhoireann ghinearálta.

Cuspóir 6

Cur le méid ar gcomhpháirteachais ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta

Mar chuid thar a bheith tábhachtach den phlean seo, díreofar ar fhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirteachas UCD in Éirinn agus thar lear agus, ar an dóigh sin, cuirfear feabhas ar an tionchar náisiúnta agus ar an tionchar idirnáisiúnta atá againn. Ón tráth a bunaíodh an Stát, tá rannchuidiú uathúil dosháraithe déanta ag UCD i leith fhorbairt Éire an lae inniu. Bhí sé sin bunaithe ar chomhpháirteachas rathúil le sochaí na hÉireann ar gach leibhéal agus i ngach réimse gníomhaíochta. Mar an gcéanna, le blianta beaga anuas, tá fás substainteach tagtha ar chomhpháirteachas UCD ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chun tacú lenár bhfís don bhliain 2020, tá sé thar a bheith tábhachtach anois go gcuirfidh UCD leis an gcomhpháirteachas náisiúnta agus idirnáisiúnta sin ar mhodh comhordaithe straitéiseach.

Leanfaimid de mhéadú a dhéanamh ar an líon comhpháirtíochtaí straitéiseacha, iomlánaíochta atá déanta againn le réimse an tionscail, leis an tseirbhís phoiblí agus le heagraíochtaí pobail. Oibreoimid le húdaráis áitiúla agus le húdaráis náisiúnta chun comhchuspóirí a bhaint amach, agus luach mórollscoile poiblí don chathair agus don tír á léiriú againn. Rachaimid i dteagmháil leis an bpobal áitiúil, agus tairbhí an champais agus na gníomhaíochtaí a sheoltar ann á gcomhroinnt againn.

Ar an dóigh chéanna, forbróimid ár gcaidreamh le coláistí aitheanta agus le hollscoileanna comhpháirtíochta ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta. Rachaimid i mbun comhpháirteachais dhomhanda trí Lárionaid Dhomhanda UCD i réigiúin thábhachtacha, agus sinn ag obair le gníomhaireachtaí rialtais, le comhpháirtithe, le *alumni* agus le diaspora na hÉireann i ngach réigiún ar leith chun ár gcuid misean a chomhlíonadh.

Déanfar rath a thomhas de réir na gcomhpháirtithe atá againn agus de réir méadrachta gníomhaíochtaí comhpháirteachais, ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Cuspóir 7

Pobal ár nOllscoile a fhorbairt agus a neartú

Cuid lárnach dár misean agus dár bhfís is ea pobal tacúil uilechuimsitheach ina gcuimsítear mic léinn, foireann acadúil agus foireann ghinearálta, *alumni* agus diaspóra a bhunú.

Bhí pobal an choláiste ina shaintréith de UCD i gcónaí. Mar theist air sin, is minic a léiríonn ár gcuid mac léinn meas ar an bhfoireann acadúil agus ar an bhfoireann ghinearálta mar gheall ar a dtacaíocht agus a ndíograis. Bunaíonn ár mic léinn cairdeas saoil sa rang agus trí ghníomhaíochtaí seach-churaclaim, agus bíonn líonraí luachmhara ann dá bharr sin, ar líonraí iad a thacaíonn le céimithe ar fud a ngairmréimeanna. Tá ár bpobal foirne acadúla agus ginearálta tiomanta i leith a gcuid mac léinn, agus i leith rannchuidiú na hOllscoile leis an tsochaí, agus is ábhar mórtais é an tiomantas sin.

Oibreoimid le chéile chun go mbeidh timpeallacht tharraingteach chairdiúil inrochtana ann in UCD, ar timpeallacht í a thugann spreagadh do gach duine dár bpobal agus de theaghlach ár bpobail níos mó ama a chaitheamh ar an gcampas.

Leanfaimid de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a fhorbairt agus de mhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mac léinn i mbainistiú agus i bhforbairt eispéireas na mac léinn.

Chun pobal na foirne a fheabhsú tuilleadh, cuirfidimid feabhas ar na próisis chumarsáide agus chinnteoireachta atá ann laistigh den Ollscoil. Mar thoradh ar fhorbairt próiseas cinnteoireachta atá frithluail each agus uilechuimsitheach, saineofar UCD mar ollscoil ar saintréith dá cuid é aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhálaí, ar riachtanais agus ar smaointe athraitheacha ar fud an champais, rud a ghinfidh ardleibhéal freagrúlachta agus tiomantais. Soláthróimid raon leathan deiseanna i gcomhair idirghníomhaíochta idir an fhoireann acadúil agus an fhoireann ghinearálta sna Coláistí, sna Scoileanna agus sna hAonaid go léir, ar an leibhéal gairmiúil agus ar an leibhéal sóisialta araon, ionas go bhfeabhsófar leas agus cumarsáid éifeachtach ar fud na hOllscoile.

Chun an caidreamh atá againn lenár gcuid *alumni*, leathnóimid ár líonraí sóisialta do *alumni*. Ós feasach dúinn na tairbhí a ghabhann le cumarsáid dhá shlé, cothóimid comhpháirteachas méadaithe idir an fhoireann acadúil agus *alumni* trí chlár imeachtaí atá dírithe ar saineolas a chomhroinnt sa phobal leathan seo.

Déanfar rath a thomhas de réir suirbhéanna sástachta agus trí fócas-ghrúpaí, de réir méaduithe ar an líon *alumni* agus daoine seachtracha a bhíonn páirteach in imeachtaí de chuid na hOllscoile, agus de réir rannpháirtíochta méadaithe i dtionscnaimh mheantóireachta do mhic léinn.

Cuspóir 8

Saoráidí den chineál is fearr ar domhan a fhorbairt tuilleadh chun tacú lenár bhfís

De réir mar a leantar de UCD a fhorbairt mar ollscoil ag a bhfuil sárstádas idirnáisiúnta, tá sé riachtanach go n-oirfidh ár saoráidí don leibhéal sin uailmhéine. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag COBÁC le blianta beaga anuas maidir le saoráidí de scoth a fhorbairt agus is ionann an campas agus láidreacht shuntasach anois agus soláthraíonn sé buntáiste don Ollscoil i dtaca le cúrsaí iomaíochta. Tugtar suntas dó sin i roinnt forbairtí a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear Ionad nua-oscailte Eolaíochta Uí Bhriain agus Scoil Dlí Sutherland. Is féidir Lárionad na Mac Léinn agus cuid mhór dár saoráidí spóirt a aicmiú, le réasún, mar shaoráidí den scoth.

Ach tá easpa aonfhoirmeachta ag baint le riocht ár gcuid foirgneamh, trealamh agus saoráidí eile. Le linn ré an phlean seo, oibreoimid chun saoráidí, trealamh agus seirbhísí fóna a chur ar fáil, a chothabháil agus a fheabhsú ar fud na hOllscoile le gur féidir tacú le taighde den scoth agus le heispéireas rannpháirtíochta atá bunaithe ar thaighde a sholáthar do na mic léinn.

Táimid chomh tiomanta céanna i leith saoráidí a chur ar fáil a rannchuideoidh go mór le feabhsú phobal na hOllscoile agus trína ndéanfar comhpháirteachas leis an bpobal i gcoitinne a


chur chun cinn. Go feadh an méid is mó is féidir, is mian linn cóiríocht a chur ar fáil do scoileanna agus tacú le haonaid i spásanna atá tadhlach lena chéile agus is mian linn a chinntiú go bhfuil dóthain fairsinge ann i ngach ceann díobh chun comhpháirteachas agus malairt smaointe a éascú i measc na foirne acadúla agus na foirne ginearálta.

Cuirfimid plean forbartha campais ar fáil, ar plean é ina leagfar béim ar phróiseas daingean maidir le tosaíochtaí a liostú, ina mbunófar amlínte soiléire agus ina leagfar amach cás áititheach i bhfabhar ár gcuid tosaíochtaí. Feidhmeoidh an plean sin mar bhonn tábhachtach dár bhfeachtais mhaoiniúcháin trína ndíreofar ar mhaoiniúchán rialtais agus ar mhaoiniúchán daonchaidriúil a fháil i gcomhair ár gcuid forbairtí.

Déanfar rath a thomhas de réir mhéid an dul chun cinn a dhéantar ar phlean nua forbartha campais, de réir an dul chun cinn maidir leis an bplean sin a bhaint amach, de réir an dul chun cinn a dhéantar maidir le cláir leanúnacha cothabhála a cheapadh i ndáil le foirgnimh agus trealamh, agus de réir an dul chun cinn maidir le ciste a bhunú i gcomhair mór-infheistíochta caipitiúla agus cothabhála.

Cuspóir 9

Struchtúir rialachais, struchtúir bhainistíochta agus struchtúir bhuiséadacha a ghlacadh mar thacaíocht i leith an fhís a bhaint amach



Dála cuid mhór ollscoileanna de chuid iarthar an domhain, tá ollscoileanna na hÉireann á rialú agus á mbainistiú ag coistí piaraí le fada an lá agus tá siad á gcothú go formhór le maoiniúchán státchiste.

Tá timpeallacht an ardoideachais i bhfad níos iomaíche anois, áfach, ná mar a bhí sí san am atá caite, tá éagsúlú déanta ar na foinsí maoiniúcháin agus ar na gníomhaíochtaí, agus tá bonn níos foirmiúla ann anois maidir le cuntasacht do na maoinitheoirí.

De bharr na nithe sin, ní mór do na hollscoileanna gníomhú ar mhodh a fhágann go bhfuil siad níos cosúla le gnóthaí. I gcuid mhór cásanna, is é a lean as sin ná cur chuige níos láraithe nó cur chuige 'bainistiúil' i ndáil le hoibriú ollscoileanna. Uaireanta, ní éiríonn leis an gcur chuige sin leas iomlán a bhaint as an gcumas ceannaireachta ar leibhéal an aonaid ná as an tiomantas ná as an bhfiontraíocht atá ann laistigh den eagraíocht.

Oibreoidimid chun struchtúir chúí rialachais, bainistíochta agus buiséadacha a chur i bhfeidhm ar struchtúir iad a chruthóidh cothromaíocht idir cinnteoireacht chineachta agus cumhachtú, ar thaobh amháin, agus formhaoirseacht chúí

lárnach agus treorú straitéiseach, ar an taobh eile. Déanfaimid feidhmeanna a chomhlíonadh go lárnach má tá sé níos éifeachtaí iad a chomhlíonadh ar an dóigh sin agus déanfaimid feidhmeanna a chomhlíonadh go háitiúil más é sin an cur chuige is éifeachtaí. Á aithint go bhfuil tábhacht mhór ag an gcumarsáid mar mhodh tacaíochta don chuspóir seo, déanfaimid struchtúir chúí cumarsáide a chur i bhfeidhm ar struchtúir iad a léiríonn agus a éascaíonn an t-idirphlé atá ag teastáil.

Mar an gcéanna, féachfaimid le sásra cóir cothrom a chur i bhfeidhm chun acmhainní buiséadacha a leithroinnt chuig gach ceann ar leith dár n-aonaid. Tá sé fíorthábhachtach go dtuigfidh aonaid a riachtanais bhuiséadacha go soiléir le go n-éascófar pleanáil éifeachtach ilbhliantúil.

Déanfar rath a thomhas de réir shástacht mhéadaithe na foirne acadúla agus na foirne ginearálta i leith na bpróiseas bainistíochta, buiséadacha agus riaracháin, rud a chinnfear trí bhíthin suirbhéanna ar shástacht na foirne, agus de réir feabhsúcháin ar chóimheas na gcostas díreacha agus na gcostas neamhdhíreacha a bhaineann le reáchtáil na hollscoile.

Cuspóir 10

Srianta airgeadais, srianta ó thaobh bainistíochta acmhainní daonna de agus srianta eile de chineál seachtrach a shárú

Mar thoradh ar thionchar suntasach na géarchéime eacnamaíochta domhanda ar Éirinn, tá dúshlán mhóra leanúnacha ann fós don Ollscoil a mhéid a bhaineann le bainistiú acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna. Mar an gcéanna, is é a lean as na srianta ar an státchiste náisiúnta ná claonadh ar thaobh an rialtais chun cur chuige sriantach a chur i bhfeidhm i leith an bheartais maidir le hacmhainní buiséadacha agus acmhainní daonna sna hollscoileanna. De bharr an chur chuige sin tá dochar mór déanta do neamhspleáchas ár gcuid ollscoileanna agus tá bagairt ann go mbainfear dár gcumas chun taighde agus oiliúint den scoth a sheoladh agus chun gníomhú ar mhodh neamhspleách fiontraíoch d'fhonn sruthanna maoiniúcháin eile de chineál neamh-státchiste a fhorbairt.

Chun na dúshlán airgeadais sin a shárú oibreoimid leis an IUA agus leis an rialtas, tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an HEA, chun sásra inbhuanaithe maoiniúcháin do na hollscoileanna in Éirinn a fhorbairt agus a aontú, ar sásra é a chlúddóidh an costas iomlán a ghabhann le hoideachas ollscoile den scoth, agus é bunaithe ar thaighde, a sholáthar. De bheis air sin, oibreoimid chun ioncam breise neamh-státchiste a ghiniúint trí líon níos mó mac léinn neamh-AE agus mac léinn iarchéime a mhealladh, trí thuilleadh clár forbartha gairmiúla a sholáthar agus trí chonarthaí taighde agus sainchomhairliúcháin a chomhlíonadh. Déanfar rath a thomhas de réir an mhéadaithe ar an ioncam bliantúil in aghaidh an mhic léinn Éireannaigh agus an mhic léinn AE, agus de réir an mhéadaithe ar ioncam ó mhic léinn neamh-AE, ó oiliúint ghairmiúil agus oiliúint

fheidhmiúcháin a sholáthar agus ó thaighde agus ó shainchomhairliúchán nach maoinítear tríd an státchiste.

Maidir le réimse na bainistíochta acmhainní daonna, oibreoimid leis an IUA agus leis an rialtas, tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus HEA, chun aghaidh a thabhairt ar na srianta a bhaineann leis an mbeartas poiblí i leith pá agus ar shrianta eile a bhaineann le fostaíocht seirbhíse poiblí le gur féidir deiseanna a sholáthar i ndáil le forbairt, ardú céime agus luaíocht chuíf dár bhfoireann acadúil agus dár bhfoireann ghinearálta agus le gur féidir linn an líon foirne a fhostú is gá chun ár bhfís a bhaint amach. Déanfar rath a thomhas de réir an mhéadaithe ar sholúbthacht ó thaobh foireann a fhostú, agus de réir laghdaithe ar na srianta ar líon na croífhoirne atá ar fhostú againn.

Maidir le neamhspleáchas na hollscoile, lenár gcumas chun úsáid éifeachtach a bhaint as maoiniúcháin, agus lenár gcumas chun gníomhú ar mhaithe le leas na tíre, chun a chinntiú nach gcuirtear na nithe sin i mbaol oibreoimid go dlúth le hairí rialtais, leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an HEA chun a chinntiú go bhfuil beartais bunaithe ar an eolas atá againn agus ar shaineolas na hearnála agus nach n-imríonn na beartais sin tionchar dochrach ar ár gcumas chun ár misean agus ár bhfís a chur i gcrích.





Móρθionscnaimh Straitéiseacha

Le linn na cuspóirí sin a shaothrú rachaimid i mbun sé mhóρθionscnamh straitéiseacha. Déanfaidh Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus a cuid foghrúpaí na tionscnaimh sin a bhainistiú agus a fhormhaoirsiú, agus iad ag obair i gcomhar leis an gComhairle Acadúil agus leis an Údarás Ceannais.



1. Dul i ngleic le dúshlán dhomhanda:

Neartóimid ár gcuid disciplíní agus, mar chuid de na disciplíní sin, cuirfimid taighde agus oiliúint idirdisciplíneach ar bun i réimsí a léiríonn láidreachtaí UCD agus a rannchuidíonn go suntasach le tosaíochtaí sainaitheanta de chineál náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cinnteoidimid go ndéanfar ár gcuid Coláistí agus Scoileanna a bhunú ar dhisciplíní agus oibreoimid chun a chinntiú gur disciplíní den scoth atá ann. Déanfaimid téamaí taighde a fhorbairt tuilleadh agus iad a ailíniú le láidreachtaí UCD agus le riachtanais dhomhanda agus déanfaimid ár gcuid Institiúidí agus Lárionad a ailíniú leis na téamaí taighde sin, agus aird ar leith á tabhairt do na téamaí a dtugtar suntas dóibh i gclár Horizon 2020 an AE. Cinnteoidimid go bhfuil dóthain solúbthachta agus inoiriúnaitheachta ann i struchtúr agus i mbeartais ár nInstitiúidí agus ár Lárionad le gur féidir leo déileáil le tosaíochtaí athraitheacha.



2. Sármhaitheas oideachasúil a léiriú:

De bhreis ar an obair atá déanta againn cheana féin, leanfaimid orainn de chur chuige a bhunú i leith an oideachais, ar cur chuige é a thacaíonn lenár mic léinn sa chaoi gur féidir leo sármhaitheas acadúil a bhaint amach agus go mbeidh na scileanna sóisialta, idirchultúir agus cineálacha acu atá riachtanach chun rath a bheith orthu i sochaí ilchineálacha. Chun feabhas a chur ar struchtúr modúlach *Horizons* UCD, déanfaimid athbhreithniú iomlán ar na cúrsaí a chuirimid ar fáil dár mic léinn fochéime agus iarchéime agus beidh an t-athbhreithniú sin bunaithe ar ár bhfís don bhliain 2020 agus ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta i ndáil le dearadh curaclaim, oideolaíocht agus foghlaim éifeachtach ag na mic léinn. Beidh timpeallacht oideachais níos leithne ann mar bhuntaca leis sin agus bainfear leas as deiseanna intleachta, cultúir, sóisialta agus spóirt a ligfidh do na mic léinn peirspictíochtaí nua de chineál náisiúnta agus domhanda a fhorbairt.



3. Íomhá nua a leagan amach dár gcampas:

Mar thoradh ar fhorbairtí a rinneadh ar fhoirgnimh an champais agus sna tailte máguaird le déanaí, léiríodh an t-ionchas atá ann i ndáil le timpeallacht a chruthú atá inchurtha leis na samplaí idirnáisiúnta is fearr dá bhfuil ann agus a thacaíonn le riachtanais ár bpobail. Déanfaimid plean forbartha campais a mhínscagadh, a fheabhsú agus a fhorghníomhú ar plean é a thabharfaidh tacaíocht don fhís, a úsáidfídh ionchur ónár bhfoireann agus ónár mic léinn agus a osclaíonn an Ollscoil don phobal i gcoitinne. Beidh an campas ina áit bhríomhar ghníomhach ó cheann ceann na seachtaine.



4. Comhpháirteachas ar leibhéal domhanda:

Síneann fearann UCD thar imeall ár gcampaí, ár gcathrach agus ár dteorainneacha. Faigheann ár mic léinn agus ár gcéimithe tairbhe ó oideachas UCD a chumasaíonn dóibh bláthú agus rannchuidiú a dhéanamh i bpobal lena ngabhann gné dhomhanda atá ag éirí níos mó i gcónaí. Bíonn daoine dár bhfoireann acadúil ag gabháil do chomhoibriú taighde idirnáisiúnta, agus iad ag páirtiú eolais le banc domhanda arb é is aidhm dó ná tionchar a imirt ar an tsochaí. Chun leathnú a dhéanamh ar ár gcomhpháirteachas domhanda, cruthóimid líonra Lárionad Domhanda UCD agus soláthróidh gach ceann ar leith díobh naisc thaighde agus oideachais dár mic léinn, dár bhfoireann acadúil, dár *alumni* agus dár gcomhpháirtithe.



5. Comhpháirtíochtaí a bhunú:

Bhí éiteas uileghabhálach uilechuimsitheach ag UCD i gcónaí agus tá raon comhpháirtíochtaí éifeachtacha curtha ar bun againn. Tá meas againn ar thairbhe fhrithpháirteach na teagmhála leis an tsochaí i gcoitinne. Tríd an tionscnamh seo, déanfaimid tuilleadh comhpháirtíochtaí iomlánaíocha straitéiseacha a chur ar bun le gníomhaireachtaí poiblí agus le gníomhaireachtaí nach gníomhaireachtaí poiblí iad, le hinstitiúidí oideachais, leis an réimse tionscail, le heagraíochtaí pobail agus le heagraíochtaí gairmiúla agus déanfaimid amhlaidh ar mhodh struchtúrtha ionas gur féidir linn uasmhéadú a dhéanamh ar ár n-ábharthacht agus ar ár dtionchar ar an tsochaí agus, ag an am céanna, feabhas á chur ar eispéireas na mac léinn agus ar pháirtíocht taighdeoirí.



6. Solúbthacht agus éifeachtacht a mhéadú:

Trí leas a bhaint as na n-éifeachtúlachtaí móra atá bainte amach cheana féin, cinnteoidimid go mbeidh ár bpróisis agus ár nósanna imeachta maidir le múineadh, taighde agus riarachán éifeachtúil agus oiriúnach dá gcuspóirí. Déanfaimid athbhreithniú cuimsitheach ar na próisis sin trí leas a bhaint as modheolaíochtaí nua-aoiseacha agus, ar bhonn an athbhreithnithe sin, sainaitheoidimid agus forfheidhmeoidimid aon athruithe is gá chun go mbeidh próisis UCD i gcomhréir le caighdeán sármhaitheasa atá tagarmharcáilte de réir comparáideoirí idirnáisiúnta iomchuí.

Forbróimid plean maidir le forfheidhmiú agus acmhainní i ndáil le gach ceann de na mórtionscnaimh sin agus tabharfar tuairisc gach bliain faoin dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean lena mbaineann. Déanfar rath a thomhas de réir an dul chun cinn a dhéantar i gcomparáid leis na príomhchuspóirí.







An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
Belfield, Baile Átha Cliath 4, Éire

 www.ucd.ie